# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 331

An t-eagrán Gaeilge — Reachtaíocht

**Imleabhar 65**

**27 Nollaig 2022**

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

CINNTÍ

★ **Cinneadh (AE) 2022/2571 ón gComhairle an 24 Samhain 2022 maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE, a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc)** [1] ..... 1

★ **Cinneadh (AE) 2022/2572 ón gComhairle an 19 Nollaig 2022 lena n-iarrtar ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh lena gcomhlánaítear an measúnú tionchair ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus gníomhaíochtaí leantacha a mholadh, más iomchuí i bhfianaise thorthaí an staidéir** ..... 6

[1] Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2022/2571 ÓN gCOMHAIRLE

**an 24 Samhain 2022**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE, a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 53(1) agus Airteagal 62, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([1]), agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ([2]) ("Comhaontú LEE") i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE, *inter alia*, a leasú, Iarscríbhinn ina bhfuil forálacha maidir le cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise, agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE.

(3) Tá Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Ba cheart Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais i gComhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an dréachtchinneadh atá i gceangal leis seo,

([1]) IO L 305, 30.11.1994, Lch. 6.
([2]) IO L 1, 3.1.1994, Lch. 3.
([3]) Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh, IO L 303, 28.11.2018, Lch. 69.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhchoiste LEE i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE, beidh sé bunaithe ar an Dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm dáta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 24 Samhain 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
A. HUBÁČKOVÁ

**DRÉACHT**

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. […]**

**an […]**

**lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) agus Prótacal 37 (ina bhfuil an liosta dá bhforáiltear in Airteagal 101) a ghabhann le Comhaontú LEE**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ("Comhaontú LEE"), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe arna leagan síos le dlí, rialachán nó gníomh riaracháin i mBallstáit i dtaobh seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (An Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh ([1]), tá sí le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn XI agus Prótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear pointe 5p (Treoir 2010/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) d'Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas leis:

   ", arna leasú le:

   — **32018 L 1808**: Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 (IO L 303, 28.11.2018, Lch. 69)."

2. Athuimhrítear oiriúnuithe (a), (b) agus (c) mar oiriúnuithe (b), (c) agus (d).

3. Cuirtear isteach an t-oiriúnú seo a leanas roimh oiriúnú (b):

   "(a) In Airteagal 1(1)(a)(i) agus (aa), cuirfear na focail 'Airteagail 36 agus 37 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch' in ionad na bhfocal 'Airteagail 56 agus 57 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh'."

4. Cuirtear na hoiriúnuithe seo a leanas isteach tar éis oiriúnú (d):

   "(e) Cuirfear an fhomhír seo a leanas le hAirteagal 2(5c) agus Airteagal 28a(7):

   'I gcásanna lena mbaineann Stát CSTE agus Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh araon, oibreoidh Údarás Faireacháin CSTE agus an Coimisiún i gcomhar le chéile chun teacht ar chomhaontú faoi chinntí comhionanna maidir le cé acu Ballstát a bhfuil dlínse aige.'

   (f) In Airteagal 6, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE:

   (i) I mír 1(a), cuirfear na focail 'aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach ná ar fhoras náisiúntachta' in ionad 'aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt";

   (ii) I mír 1(b), tuigfear go dtagraíonn an tagairt d'Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541 do na forálacha comhfhreagracha i ndlí náisiúnta na Stát CSTE;

([1]) IO L 303, 28.11.2018, Lch. 69.

(iii) I mír 2, cuirfear na focail 'urramóidh siad bunchearta' in ionad 'urramóidh siad na cearta agus na prionsabail a leagtar amach sa Chairt".

(g) In Airteagal 28b, a mhéid a bhaineann le Stáit CSTE:

(i) I mír 1(b), cuirfear na focail "aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó treoshuíomh gnéasach ná ar fhoras náisiúntachta" in ionad "aon cheann de na forais dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt";

(ii) I mír 1(c), tuigfear go dtagraíonn na tagairtí d'Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541, d'Airteagal 5(4) de Threoir 2011/93/AE agus d'Airteagal 1 de Chinneadh Réime 2008/913/CGB do na forálacha comhfhreagracha i ndlí náisiúnta na Stát CSTE.

(h) In Airteagal 30b:

(i) i mír 2, cuirfear na focail "agus ionadaí Údarás Faireacháin CSTE" isteach tar éis an fhocail "ionadaí an Choimisiúin";

(ii) i mír 2, cuirtear an abairt seo a leanas isteach:

"Beidh na Stáit CSTE páirteach go hiomlán in ERGA, ach amháin nach mbeidh aon cheart vótála acu.""

*Airteagal 2*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad théacs phointe 39 de Phrótacal 37 a ghabhann le Comhaontú LEE:

"Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí na Meán Closamhairc (ERGA) (Cinneadh C(2014)462 an 3.2.2014 maidir le Grúpa na Rialálaithe Eorpacha um Sheirbhísí Meán Closamhairc a bhunú agus Treoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle)."

*Airteagal 3*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Threoir (AE) 2018/1808 san Íoslainnis agus san Ioruais, agus tá sé le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh i bhfeidhm an […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 5*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus san Fhorlíonadh LEE a ghabhann léi.

Arna dhéanamh i/in/sa ..., an […].

| | |
|---|---|
| *Do Chomhchoiste LEE* | *Na Rúnaithe* |
| *An tUachtarán* | *Do Chomhchoiste LEE* |

(*) [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]

**Dearbhú Comhpháirteach ó na Páirtithe Conarthacha maidir le Cinneadh Uimh. […] lena n-ionchorpraítear Cinneadh (AE) 2018/1808 sa Chomhaontú**

**[lena ghlacadh leis an gCinneadh agus lena fhoilsiú san Iris Oifigiúil]**

I dTreoir (AE) 2018/1808 tá forálacha ina bhfuil tagairtí do Threoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, do Threoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus do Chinneadh Réime 2008/913/CGB, arna nglacadh faoi Theideal V CFAE. Meabhraítear go bhfuil ionchorprú gníomhartha ina bhfuil forálacha den chineál sin gan dochar don tuiscint go bhfuil reachtaíocht AE a glacadh de bhun Theideal V CFAE lasmuigh de raon feidhme Chomhaontú LEE.

A mhéid a bhaineann leis na tagairtí d'Airteagal 5 de Threoir (AE) 2017/541, d'Airteagal 5(4) de Threoir 2011/93/AE agus d'Airteagal 1 de Chinneadh Réime 2008/913/CGB, aithníonn na Páirtithe Conarthacha, i gcomhthéacs comhluachanna atá ann le fada agus na féiniúlachta Eorpaí, go ndéantar forálacha i ndlí náisiúnta na Stát CSTE a chur i bhfeidhm go coibhéiseach ó thaobh feidhme de.

# CINNEADH (AE) 2022/2572 ÓN gCOMHAIRLE

## an 19 Nollaig 2022

## lena n-iarrtar ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh lena gcomhlánaítear an measúnú tionchair ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus gníomhaíochtaí leantacha a mholadh, más iomchuí i bhfianaise thorthaí an staidéir

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 241 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sna Conclúidí uaithi maidir leis an straitéis "Ón bhFeirm go dtí an Forc" an 19 Deireadh Fómhair 2020, thug an Chomhairle dá haire na spriocanna a leagtar amach sa straitéis maidir le laghdú lotnaidicídí agus chuir sí chun suntais go dteastóidh iarrachtaí ó na Ballstáit agus ó gach geallsealbhóir, chomh maith le dlúthchomhoibriú, comhairliúchán agus comhair chun an sprioc sin a bhaint amach.

(2) Ba dhíol sásaimh don Chomhairle freisin cuspóir an Choimisiúin tionchair dhíobhálacha a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí ar an gcomhshaol a laghdú, amhail trí thacú le cuir chuige níos cuimsithí maidir le cosaint plandaí a fhorbairt bunaithe ar phrionsabail an bhainistithe chomhtháite lotnaidí agus chuir sí chun suntais a thábhachtaí atá sé bearta comhtháite maidir le bainistiú lotnaidí atá leordhóthanach agus fónta ó thaobh na heolaíochta de a áirithiú chomh maith le húsáid táirgí agus modhanna inbhuanaithe malartacha cosanta plandaí.

(3) Ina theannta sin, meabhraíodh di an Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([1]) agus d'iarr sí ar an gCoimisiún tograí reachtacha a bhunú ar mheasúnuithe tionchair críochnúla. Mheas sí go raibh sé riachtanach comhsheasmhacht agus comhleanúnachas a áirithiú idir na bearta a bheartaítear le Straitéis F2F agus beartais agus straitéisí gaolmhara de chuid an Aontais. Chuir an Chomhairle i bhfios go láidir freisin gur gá, maidir le baint amach na gcuspóirí agus na mbeart a bheartaítear i Straitéis F2F, dóthain airde a thabhairt ar ghnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil na gcóras bia inbhuanaithe, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann lena iomaíche atá earnálacha talmhaíochta an Aontais agus earnálacha gaolmhara.

(4) An 22 Meitheamh 2022, chuir an Coimisiún togra faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle le haghaidh Rialachán maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Is é is aidhm don togra cur chuige uaillmhianach a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní na sochaí maidir le húsáid agus riosca lotnaidicídí agus ar an tionchar atá aige ar an gcomhshaol agus ar shláinte an duine. Áirítear ann forálacha nua maidir le húsáid lotnaidicídí, teicnící malartacha rialaithe lotnaidí neamhcheimiceacha agus bainistiú comhtháite lotnaidí. Leis an togra, tugtar isteach spriocanna Aontais, atá ceangailteach ó thaobh dlí de, maidir le húsáid lotnaidicídí agus rioscaí lotnaidicídí a laghdú 50 %, agus, ag an am céanna, cuirtear d'oibleagáid ar na Ballstáit spriocanna laghdaithe náisiúnta a shocrú chun an sprioc fhoriomlán sin a bhaint amach. Ní fhéadfaidh na spriocanna náisiúnta sin imeacht ó spriocanna an Aontais maidir le laghdú 50 % ach amháin laistigh de pharaiméadair foirmle ceangailtí.

(5) Is ábhar imní don Chomhairle nach gcuirtear san áireamh sa mheasúnú tionchair a ghabhann leis an togra an tionchar fadtéarmach a d'fhéadfadh a bheith ag an Rialachán atá beartaithe ar shlándáil bia san Aontas. Ós rud é gur roimh an gcogadh san Úcráin agus roimh na géarchéimeanna maidir le fuinneamh, leasacháin agus praghsanna bia a tugadh an measúnú tionchair chun críche, tugann sé tuilleadh fiúntais do na hábhair imní sin. Measann an Chomhairle, dá bhrí sin, gur gá anailís chainníochtúil bhreise a dhéanamh ar thascairí éagsúla chun a chinneadh an gá an measúnú ar éifeachtaí eacnamaíocha agus sóisialta an togra a choigeartú. Measann an Chomhairle, go háirithe, gur cheart anailís Bhreise a dhéanamh lena léireofaí táirgeadh talmhaíochta an Aontais, an laghdú a bhfuil súil leis i dtáirgeacht an Aontais mar thoradh ar laghdú agus srianadh úsáid táirgí cosanta plandaí, agus an spleáchas a d'fhéadfadh a bheith ar allmhairí bia agus beatha. Measann an Chomhairle freisin go mbeadh gá le hanailís níos doimhne ar staid na bhfiontar beag agus meánmhéide agus ar an mbrabúsacht fud fad a slabhra soláthair.

([1]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1).

(6) Tugann an Chomhairle dá haire an páipéar leathoifigiúil ón gCoimisiún maidir le sainmhíniú agus raon feidhme na bhforálacha maidir le réimsí íogaire sa togra le haghaidh rialachán maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí (SUR) an 15 Samhain 2022 agus an moladh méid na limistéar sin a laghdú lena áirithiú gur indéanta toirmeasc nó toirmeasc páirteach a chur ar úsáid táirgí ceimiceacha cosanta plandaí sna limistéir sin, agus go háirithe an moladh limistéir atá íogair ó thaobh níotráite de a eisiamh ón sainmhíniú ar limistéir íogaire. Mar sin féin, tá an Chomhairle den tuairim go mbeadh gá fós le tuilleadh sonraí agus anailís ar thionchar na mbeart sin sna limistéir a d'fhéadfaí a mheas a bheith íogair agus freisin i limistéir foraoise.

(7) I bhfianaise an mhéid thuas, cé gur mian léi leanúint den scrúdú ar ghnéithe teicniúla éagsúla den togra gan moill mhíchuí, measann an Chomhairle go bhfuil gá le staidéar chun measúnú tionchair an togra, atá ann cheana, a chomhlánú, i gcomhréir le Comhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, go háirithe míreanna 12, 13 agus 16 de chomh maith le mír 10 de maidir le hAirteagal 241 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún staidéar a thíolacadh, a luaithe is féidir, ach ar a dhéanaí faoin 28 Meitheamh 2023, chun an próiseas reachtach leanúnach a éascú, ar staidéar é lena gcomhlánaítear an measúnú tionchair atá ann cheana ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 maidir leis na gnéithe seo a leanas:

(a) tionchair chainníochtúla an togra ón gCoimisiún maidir le táirgeadh bia san Aontas, go háirithe tríd an tionchar ar tháirgeacht talmhaíochta a chainníochtú i gcás na bpríomhchineálacha ábhartha barr agus táirgí plandaí go leithleach, agus na dálaí sonracha sna Ballstáit, lena n-áirítear réigiúin éagsúla aeráide, á gcur san áireamh, i gcomhthéacs spriocanna laghdaithe náisiúnta a shocrú;

(b) san anailís ar iarmhairtí an togra ón gCoimisiún ar infhaighteacht bia agus beatha san Aontas, is ar bhonn na bpríomhchineálacha bunúsacha táirgí bia agus beatha, agus ar bhonn na féidearthachta go mbeadh spleáchas méadaithe ar allmhairí bia agus beatha i gcás na bpríomhchineálacha barr agus ar bhonn an tionchair ar onnmhairiú táirgí bia agus beatha ón Aontas, a rinneadh an measúnú;

(c) an tionchar féideartha ar phraghsanna bia agus beatha i gcoitinne agus go háirithe ar phríomhtháirgí bia a bhaineann leis na tionchair dá dtagraítear i bpointe (a);

(d) tionchair chainníochtaithe an ualaigh riaracháin mhéadaithe ar iomaíochas agus ar bhrabúsacht feirmeacha beaga agus meánmhéide;

(e) infhaighteacht roghanna malartacha ar tháirgí cosanta plandaí agus an riosca méadaithe a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le horgánaigh dhíobhálacha a thabhairt isteach agus a leathadh san Aontas de dheasca infhaighteacht theoranta modhanna malartacha leis an riosca sin a mhaolú;

(f) cainníochtú ar an tionchar a bheadh ag toirmeasc táirgí cosanta plandaí sna limistéir íogaire mar a shainítear in Airteagal 3(16) den togra, go háirithe i limistéir a bhíonn á n-úsáid ag an bpobal i gcoitinne agus i lonnaíochtaí daonna;

(g) cainníochtú ar thionchair an tsrianta atá beartaithe a bhaineann le húsáid táirgí cosanta plandaí ar chlampaí foraoise agus ar bhithéagsúlacht atá spleách ar fhoraoisí.

2. Iarrann an Chomhairle ar an gCoimisiún aon ghníomhaíocht leantach, a bhfuil údar maith léi i bhfianaise thoradh an staidéir, a mholadh.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. SÍKELA

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA